# Banc Ceannais na hÉireann - Ár Straitéis

Tá an saol ag athrú, rud a chruthaíonn idir **dheiseanna agus dhúshláin nua**.

Chun aghaidh a thabhairt ar na **dúshláin** seo, tá **straitéis nua** forbartha ag Banc Ceannais na hÉireann.

Tá ceithre théama atá leithleach – ach nasctha – **inár straitéis**.

**1. Dírithe ar an todhchaí**

Beidh cur chuige **réamhbhreathnaitheach** againn. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas athruithe ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais **a thuar agus dul i ngleic** leis na hathruithe sin.

**2. Oscailte & Rannpháirteach**

Tá sé mar thosaíocht againn **éisteacht leat** agus **aghaidh a thabhairt ar do chuid ábhar imní**.

Ar an gcaoi sin, is féidir linn **muinín a chothú** as córas airgeadais na hÉireann mar aon le **tuiscint ar ár ról féin**.

**3. Bunathrú**

Agus an saol ag athrú, ní mór dúinn **an chaoi ina mbímid ag feidhmiú a bhunathrú**.

Déanfaimid **athshamhlú ar an gcaoi ina mbímid ag obair** agus beimid **níos solúbtha, níos ilchineálaí agus níos faisnéisbhunaithe**.

Cabhróidh **ár bhfoireann, ár sonraí agus ár dteicneolaíocht** linn é seo a dhéanamh.

**4. Cosaint**

Tá **cosaint** i gcroílár gach a ndéanaimid.

Ciallaíonn sé seo praghsanna cobhsaí, córas airgeadais athléimneach agus **cosaint leasanna tomhaltóirí**.

**An Gobharnóir, Gabriel Makhlouf, Banc Ceannais na hÉireann:**

Aithnítear inár straitéis go bhfuil an timpeallacht ag athrú agus gur gá dúinn anseo i mBanc Ceannais na hÉireann an chaoi ina mbímid ag obair agus ábhar na hoibre sin a athrú. Aithnítear freisin go bhfuilimid ag tógáil ar bhunchlocha láidre.

Leis an straitéis seo, cuirfear ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna reachtúla agus ár misean agus ár bhfís a bhaint amach.

Trína bheith sofhreagrach agus solúbtha, is féidir linn dul i ngleic le dúshláin an tsaoil seo atá ag athrú go mear, agus leanúint dár bpríomhchuspóir buan a bhaint amach: leas an phobail i gcoitinne.

**Tuilleadh eolais**: centralbank.ie/straitéis